

## Beartas feirme AE: ioncaim na bhfeirmeoirí- agus slándáil bia a chosaint



Oibrithe séasúracha ón Rómáin ar fheirm Spreewaldbauer Ricken in oirthuaisceart na Gearmáine, an 14 Meitheamh 2018.

©AFP/DPA/Patrick Pleul

**Ní chuirfidh aon mhoill i mbeartas talmhaíochta nua a chur i bhfeidhm isteach ar ioncaim na bhfeirmeoirí. Thug feisirí a gceadú do thogra chun an t-aistriú a éascú i Nollaig 2020.**

An 30 Meitheamh 2020, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le [togra chun forálacha tábhachtacha d'fheirmeoirí a chaomhnú go dtí 2022](#).

Leis an mhoill atá ar an idirbheartaíocht [talmhaíochta](#), tá gá le hidirthrímhse [chun cinntiú nach gcaillfidh feirmeoirí a n-ioncaim](#) agus go leanfar le táirgeacht talmhaíochta san Aontas. Ghlac an

Pharlaimint leis an [CBT nua](#) i Samhain 2021. Tiocfaidh sé i bhfeidhm in Eanáir 2022.

## An chomhbheartas talmhaíochta

Tríd an chomhbheartas talmhaíochta, tá de rún ag an Aontas cur le táirgiúlacht talmhaíochta, forbairt na tuaithe a chur chun cinn, tabhairt faoi dhúshláin maidir leis an chomhshaoil agus le hathrú aeráide, agus ioncam cothrom a chinntiú d'fheirmeoirí. Baintear na cuspóirí seo amach trí:

- Tacaíocht ioncaim i bhfoirm íocaíochtaí díreacha chun go mbeidh feirmeoirí seasmhach ó thaobh ioncaim de
- Íocaíochtaí as feirmeoireacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil agus as aire a thabhairt don tuath
- Bearta margaidh chun déileáil le géarchéimeanna sa mhargadh agus cur le héileamh
- Bearta maidir le forbairt tuaithe chun tabhairt faoi dhúshláin ar leith i gceantair tuaithe

Maoinítear na forálacha seo, a uasdátaítear go rialta, trí bhuiséad fadtéarmach an Aontais. Tá thart faoi [34.5% de bhuiséad 2020 an Aontais](#) ag gabháil don chomhbheartas talmhaíochta.

Faigh [tuilleadh eolais maidir leis na figiúirí inár ngrafaic faisnéise](#).

## Seasamh na bhfeisirí

Tá feisirí ag iarraidh go dtabharfar [intuarthacht, seasmhacht agus leanúnachas airgeadais d'fheirmeoirí](#) faoin reachtaíocht, go háirithe [de bharr phaindéim Covid-19, atá i ndiaidh dul i gcion go mór ar an earnáil agraibhia](#). Tháinig feisirí ar sheasamh comhaontaithe le déanaí roimh an idirbheartaíocht maidir le hathchóiriú an chomhbheartais don tréimhse 2023-2027 – tá siad ag iarraidh go dtabharfar [tacaíocht d'fheirmeoirí beaga agus óga agus d'fheirmeoirí atá i ngéarchéim, agus go gcuirfear cleachtais atá neamhdhíobhálach don aeráid chun cinn](#).

### Tuilleadh eolais

[Bia agus an talmhaíocht](#)

[An Comhbheartas Talmhaíochta: Conas a thugann an tAontas Eorpach tacaíocht d'fheirmeoirí?](#)

[Faisnéisiú: Forálacha idirthréimhseacha don tréimhse iar-2020](#)

[Faisnéisiú: tacaíocht d'fheirmeoirí le linn ghéarchéim COVID-19](#)

[An Coimisiún Eorpach: an chomhbheartas talmhaíochta](#)

[An Coimisiún Eorpach: an chomhbheartas talmhaíochta iar-2020](#)

[Córas bia inbhuanaithe: straitéis an Aontais](#)

[Preasráiteas: comhaontú maidir le forálacha talmhaíochta 2021-2022 \(1 Nollaig 2020\)](#)